C/2025/2956

16.6.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

An Chomhpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus an India

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/2956)

Rapóirtéir: **Aurel Laurențiu PLOSCEANU**

Comhairleoir	Maria GAVOUNELI, Comhairleoir an rapóirtéara, Grúpa I
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	10.3.2025
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	26.3.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	595
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	180/1/1

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Molann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) go láidir don Choimisiún Eorpach oibriú go comhsheasmhach chun uasghrádú a dhéanamh ar an gComhpháirtíocht Straitéiseach leis an India, tír arb í an daonlathas foirmiúil is mó ar domhan í, agus treochlár uaillmhianach nua á mholadh aige a bheidh curtha in oiriúint do na cúinsí polaitiúla agus straitéiseacha atá ann faoi láthair.

1.2. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach dlús a chur go práinneach leis an gcaibidlíocht leis an India maidir le Comhaontú Saorthrádála, d'fhonn an India a dhaingniú mar chomhpháirtí trádála fabhrach de chuid an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs straitéiseach.

1.3. Molann CESE an comhar idir an tAontas agus an India a leathnú i ngach réimse agus an trádáil idirnáisiúnta atá cothrom, cuimsitheach agus riailbhunaithe a chur chun cinn a thuilleadh. Is é an toradh a bheidh air sin go gcuirfear le stair chomhroinnte agus luachanna comhroinnte ár sibhialtachtaí ársa, chomh maith lenár gcomhthuiscint ar an saol mar atá sa lá atá inniu ann.

1.4. Molann CESE an comhar idir an tAontas agus a Bhallstáit agus an India a chur chun cinn i dtionscadail dhéthaobhacha agus iltaobhacha maidir le bonneagar, tógáil — go háirithe calafoirt domhainuisce agus aerfoirt — agus nascacht fuinnimh.

1.5. Molann CESE an comhar idir an tAontas agus a Bhallstáit agus an India maidir le cosaint agus slándáil a dhoimhniú a thuilleadh, go háirithe in earnáil an taighde agus na forbartha agus na nuálaíochta, lena n-áirítear tionscadail chomhpháirteacha spáis agus dé-úsáide, agus béim ar leith á leagan ar rannchuidiú na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna).

1.6. Molann CESE go gcuirfí leis an gcomhar idir an tAontas agus a Bhallstáit agus an India i dtionscadail chomhpháirteacha le haghaidh na slándála muirí, go háirithe san Aigéan Indiach Thiar agus sna lánaí loingseoireachta a thrasnaíonn é.

1.7. Molann CESE malartuithe cultúrtha a leathnú a thuilleadh idir an tAontas agus a Bhallstáit agus an India, go háirithe trí chomhar ollscoile agus malartuithe mac léinn, chomh maith le malartuithe idir an pearsanra teagaisc agus an pearsanra eolaíochta.

1.8. Molann CESE an comhar leis an India a leathnú faoi chuimsiú na Conaire Eacnamaíche idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip. Chuige sin, ullmhóidh CESE tuairim chuimsitheach maidir le tionscadal na Conaire Eacnamaíche idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip agus leis na hionchais a bheidh i gceist leis sna blianta beaga amach romhainn.

1.9. Leis an gcomhpháirtíocht nua idir an tAontas agus an India, ní mór rannchuidiú le daingniú agus cur chun feidhme chroíchoinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus leis an obair neamhfhoirmiúil i margadh an tsaothair a laghdú de réir a chéile. Dá bhrí sin, iarrann CESE ar an gComhairle Eorpach, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar Bhallstáit an Aontais ról a thabhairt don tsochaí shibhialta eagraithe, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, sa phróiseas caibidlíochta trí bhíthin buanstruchtúr comhairleach ([1]) agus é sin a dhéanamh mar ábhar práinne. I ndeireadh na dála, ní mór caibidil uaillmhianach um an Trádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a bheith mar chuid den chomhaontú saorthrádála, ar caibidil í sin ina dtabharfaí ról struchtúrach faireacháin agus comhairleach d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, ar an dá thaobh ([2]).

1.10. Iarrann CESE ar an gComhairle Eorpach, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar Bhallstáit an Aontais tús a chur arís, b'fhéidir, le Cruinniú Comhchéime CESE idir an tAontas Eorpach agus an India agus páirt a thabhairt don tsochaí shibhialta ann.

1.11. Is díol sásaimh do CESE an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an India atá ar na bacáin, lena n-áirítear Cruinniú Mullaigh an Aosa Óig, rud a mbeadh sé sásta rannchuidiú leis.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. *An caidreamh agus an chomhpháirtíocht dhéthaobhach idir an tAontas agus an India*

2.1.1. Is í an India an tír is mó daonra ar domhan agus 1,4 billiún duine ina gcónaí inti. Tá coinne ag an mBanc Domhanda leis go rachaidh an India chun tosaigh ar an tSeapáin agus ar an nGearmáin agus go dtiocfaidh sí chun cinn mar an tríú geilleagar is mó ar domhan faoi 2030. Tá coinne ag Comhlachas Tráchtála agus Tionscail PHD na hIndia leis go mbeidh an India ar an gceathrú geilleagar is mó ar domhan faoi 2026, agus í ag dul chun tosaigh ar an tSeapáin, agus tá tuartha aige gurb é 6,8 % a bheidh i ráta fáis na holltáirgeachta intíre in 2024 agus gurb é 7,7 % a bheidh ann in 2026.

2.1.2. Ós iad an dá dhaonlathas is mó ar domhan iad, seasann an tAontas Eorpach agus an India le chéile ar son ord domhanda atá bunaithe ar rialacha, iltaobhachas éifeachtach agus forbairt inbhuanaithe. In 2004, ainmníodh an India ar cheann de chomhpháirtithe straitéiseacha an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha forbartha ag an India le Ballstáit an Aontais amhail an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Ghréig fad agus atá sí ag féachaint leis an gcomhar déthaobhach agus idirphlé straitéiseach a leathnú a thuilleadh.

2.1.3. **Rinneadh 60 bliain den chaidreamh déthaobhach idir an tAontas agus an India** a chomóradh in **2022**, tráth ar tugadh chun suntais cuid de na héachtaí is mó a baineadh amach:

— Ba é an tAontas Eorpach an comhpháirtí trádála ba mhó a bhí ag an India in 2023, agus b'fhiú EUR 124 bhilliún an trádáil earraí eatarthu, rud a bhí cothrom le 12,2 % de thrádáil iomlán na hIndia (i gcomparáid le 10,8 % i gcás na Stát Aontaithe agus 10,5 % i gcás na Síne).

— An infheistíocht dhíreach choigríche a rinne an tAontas san India in 2023, b'fhiú EUR 108.3 billiún í — ba mhéadú é sin ar an EUR 82.3 billiún a bhí ann in 2019.

— Is é an tAontas an dara ceann scríbe is mó atá ag onnmhairí na hIndia, ar fiú 17,5 % den iomlán é (i gcomparáid le 16,7 % i gcás na Stát Aontaithe agus 3,7 % i gcás na Síne).

— Tá méadú beagnach 90 % tagtha ar an trádáil earraí idir an tAontas agus an India le deich mbliana anuas, agus b'fhiú EUR 50,8 billiún an trádáil seirbhísí in 2023 (i gcomparáid le EUR 30 billiún in 2020).

— Tá 1,7 milliún post díreach agus 5 mhilliún post indíreach breise cruthaithe ag 6 000 cuideachta de chuid an Aontais atá ag feidhmiú san India.

— Tá infheistíocht ar fiú breis agus EUR 3 bhilliún í déanta ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) i dtionscadail bhonneagair, fuinnimh agus aeráide san India.

([1]) IO C 290, 29.7.2022, lch. 11.
([2]) IO C 140, 21.4.2023, lch. 69.

2.1.4. An comhar idir an tAontas agus an India ó 2020 go 2025, bhí agus tá sé á stiúradh ag **Treochlár Comhpháirtíochta Straitéisí AE-na hIndia** ([3]), **Straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach** ([4]) agus an **straitéis 'Global Gateway'** ([5]).

2.1.5. **An caidreamh parlaiminteach:** Thug toscaireacht d'Fheisirí na Parlaiminte Eorpaí cuairt ar an India an 18-20 Nollaig 2023 le haghaidh an 15ú Cruinniú Idirpharlaiminteach. An 19-20 Márta 2025, phléigh **Coiste Pharlaimint na hEorpa um Thrádáil Idirnáisiúnta** stádas an chaidrimh idir an tAontas agus an India tar éis di **cuairt a thabhairt ar an India an 24-26 Feabhra 2025**, d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar pheirspictíocht na hIndia i leith na caibidlíochta trádála atá ar siúl faoi láthair.

2.2. *Faisnéis chúlra: Beartas eachtrach na hIndia*

2.2.1. **Maidir leis an gcaidreamh idir an India agus an tSín**, ar cor cinniúnach ina thaobh an caismirt mharfach a thit amach ag teorainn an dá thír in 2020, is é an ghné is mó tábhacht é i mbeartas eachtrach agus slándála na hIndia agus is é is mó is cúis le hiarrachtaí na hIndia il-ailíniú a bhaint amach. Ar imeall chruinniú mullaigh thíortha BRIC (mí Dheireadh Fómhair 2024), ghlac an India agus an tSín céim thábhachtach i dtreo an staid ag an teorainn a normalú trí chead a thabhairt tús a chur athuair i) leis na patróil ar feadh Líne an Rialaithe Iarbhír agus ii) le cainteanna idir na hIonadaithe Speisialta maidir le saincheist na teorann (ar feitheamh ó 2019).

2.2.2. Tá **an Chomhpháirtíocht idir an India agus an Rúis** ina bunchloch faoi shlándáil straitéiseach na hIndia agus faoi bheartas eachtrach an 'il-ailínithe'. Thaistil an Príomh-Aire Modi go dtí an Rúis i mí Iúil 2024 le haghaidh an Chruinnithe Mullaigh idir an India agus an Rúis, agus bhí an dara cruinniú déthaobhach aige leis an Uachtarán Putin ar imeall chruinniú mullaigh thíortha BRIC a bhí ar siúl le déanaí in Kazan an 23-24 Deireadh Fómhair 2024. Mar iarracht chun aghaidh a thabhairt ar an bhfearg idirnáisúnta (rinneadh ionsaí ar ospidéal leanaí san Úcráin fad agus a bhí an tUasal Modi ar cuairt i mí Iúil) agus chun gníomh cothromaithe na hIndia a choinneáil ar bun, thug an tUasal Modi cuairt ar Chív i mí Lúnasa 2024, ach níor thug sé gealltanas maidir le ról níos gníomhaí a thabhairt don India sa phróiseas síochána. Bhuail an tUasal Modi leis an Uachtarán Zelenskyy arís ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe don Todhchaí an 23 Meán Fómhair 2024. Agus ioncam substaintiúil ag teacht isteach ó dhíolacháin ola, tá claonadh níos mó ná riamh ag an Rúis trádáil a dhéanamh leis an India chun earraí ar leith a cheannach agus a allmhairiú — go háirithe na hearraí sin a bhfuil feidhmeanna dé-úsáide nó feidhmeanna catha acu.

2.2.3. **An caidreamh idir an India agus SAM**: Tá leanúnachas straitéiseach le brath sa chaidreamh, ar caidreamh é a bhí ag dul i bhfeabhas faoi na cúig rialtas dheireanacha a bhí i gcumhacht sna Stáit Aontaithe. Ní fios go fóill cén t-athrú a thiocfaidh ar an tiomantas d'aistrithe teicneolaíochta agus do shocruithe slándála atá ann cheana leis an India faoi rialtas nua na Stát Aontaithe, go mór mór dá ndéanfaí taraifí cómhalartacha a fhorchur. Ní fios ach oiread cén tionchar a bheadh i gceist dá dtiocfadh maolú ar an teannas idir an India agus an tSín. Tá sé beartaithe anois gur san India a bheidh **Cruinniú Mullaigh Quad** 2025 ar siúl, tar éis di a seal a mhalartú leis na Stáit Aontaithe. Tá an India ag tabhairt an dá thaobh le chéile go cáiréiseach a mhéid a bhaineann leis an tSín — ghlac QUAD seasamh láidir i leith iompar treallúsach na Síne sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach agus i Muir na Síne Theas agus maidir leis an Téaváin, agus, an am céanna, seachnaítear coimhlint dhíreach le nach gcruthófar tuilleadh teannais faoin teorainn.

3. **An caidreamh idir an tAontas agus an India**

3.1. *Stair na Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas agus an India*

3.1.1. **Téann an caidreamh déthaobhach idir an tAontas agus an India siar go dtí tús na 1960aidí,** agus tá an India i measc na gcéad tíortha a rinne caidreamh taidhleoireachta a bhunú le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa in 1962. A bhuí leis an Ráiteas Comhpháirteach Polaitiúil a síníodh in 1993, mar aon leis an g**Comhaontú Comhair idir an tAontas agus an India a síníodh in 1994**, réitíodh an bealach chun naisc dhéthaobhacha a neartú.

3.1.2. **Tionóladh an chéad Chruinniú Mullaigh idir an India agus an tAontas Eorpach i Liospóin i mí an Mheithimh 2000**, agus bhí 16 chruinniú mullaigh ann go dtí seo. Ba **in 2004** sa Háig le linn **an 5ú Cruinniú Mullaigh** a rinneadh **an caidreamh a uasghrádú go 'Comhpháirtíocht Straitéiseach'**. Tar éis an 6ú cruinniú mullaigh i nDeilí Nua, glacadh an **Plean Comhpháirteach Gníomhaíochta** mar threochlár don chomhpháirtíocht straitéiseach.

([3]) https://www.eeas.europa.eu/eeas/eu-india-strategic-partnership-roadmap-2025_en.
([4]) https://www.eeas.europa.eu/eeas/joint-communication-indo-pacific_en.
([5]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52021JC0030&qid=1653525883495.

3.1.3. Le linn an **15ú Cruinniú Mullaigh idir an India agus an tAontas**, cruinniú a reáchtáladh go fíorúil in **2020**, **glacadh treochlár uaillmhianach go dtí 2025** ([6]). Chinn na ceannairí an Chomhpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas agus an India a neartú, bunaithe ar phrionsabail agus luachanna comhroinnte, is iad sin an daonlathas, an tsaoirse, an smacht reachta agus an urraim do chearta an duine, agus dírithe ar shochair nithiúla a sholáthar do mhuintir an Aontais agus na hIndia. Síníodh Comhaontú maidir le Comhar um Fhuinneamh Núicléach Sibhialta agus cuireadh síneadh le Comhaontú eile maidir le Comhar san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht go ceann tréimhse cúig bliana eile. D'eisigh an dá pháirtí 'Dearbhú Comhpháirteach maidir le hÉifeachtúlacht Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach' freisin. Thairis sin, glacadh Dearbhuithe Comhpháirteacha ón Aontas agus ón India chun iarrachtaí maidir le nascacht, uisce agus éifeachtúlacht acmhainní a threisiú, trí úsáid a bhaint as cur chuige an gheilleagair chiorclaigh.

3.1.4. Cruthaíodh **an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus an India** mar ardán comhordúcháin chun aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin trádála, teicneolaíochta iontaofa agus slándála **le linn na chéad chuairte** a thug Ursula von der Leyen **ar an India mar Uachtarán ar an gCoimisiún Eorpach**, i **mí Aibreáin 2022**. Tionóladh **an chéad chruinniú aireachta den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta** i mí na Bealtaine 2023 sa Bhruiséil. Tionóladh cruinniú bliantúil 2024 an 28 Feabhra 2025 le linn na cuairte a thug an Coimisiún Eorpach ina iomláine ar Dheilí. Síníodh Meabhrán Tuisceana maidir le Leathsheoltóirí i mí na Samhna 2023, agus an India ina comhchathaoirleach leis an bhFrainc ar Chruinniú Mullaigh Gníomhaíochta 2025 maidir leis an Intleacht Shaorga.

3.2. *An Chomhpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus an India*

3.2.1. Rinneadh 20 bliain den **Chomhpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas agus an India** a chomóradh in 2024, ar comhpháirtíocht í a bhfuil borradh tagtha fúithi le déanaí, agus a thairbhigh den spéis atá ag an India i ndomhan ilpholach a chothú agus sa chomhar leis an Aontas a mhéadú. An **phunann dhéthaobhach** leathan a léiríodh sa **Treochlár go dtí 2025**, **tá sí á leathnú i gcónaí**, agus tá sí dírithe go príomha ar chomhar maidir le trádáil, an t-aistriú glas, an nuálaíocht agus an claochlú digiteach, nascacht, agus slándáil agus cosaint, lena n-áirítear an comhar spáis. Mar sin féin, tá **dúshláin** ag baint le dlúth-chomhpháirtíocht an Aontais leis an India, go háirithe caomhnaitheacht na hIndia, a comhpháirtíocht fhadtéarmach leis an Rúis agus cearta an duine.

3.2.2. Le linn an chruinnithe a bhí acu i nDeilí, phléigh an tUachtarán von der Leyen agus an Coimisiún Eorpach **Clár Oibre Straitéiseach idir an tAontas agus an India** agus gheall siad an chomhpháirtíocht sin a neartú agus a thabhairt chuig leibhéal níos airde, ag tógáil ar 20 bliain den Chomhpháirtíocht Straitéiseach idir an India agus an tAontas agus ar níos mó ná 30 bliain den Chomhaontú Comhair idir an India agus an Coimisiún Eorpach. D'athdhearbhaigh siad freisin go bhfuil siad tiomanta réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach atá saor, oscailte, síochánta agus rathúil a chur chun cinn, agus é bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta agus ar urraim fhrithpháirteach don cheannasacht agus ar réiteach síochánta díospóidí a bhfuil institiúidí réigiúnacha éifeachtacha mar bhonn taca leo. B'údar sásaimh don India go bhfuil an tAontas ina pháirtí anois de Thionscnamh na nAigéan Ind-Chiúin-Aigéanach (IPOI).

3.2.3. Mar gheall ar chur chun feidhme na **straitéise 'Global Gateway'**, cuireadh tús cheana féin le tacaíocht airgeadais shuntasach d'fhorbairt na teicneolaíochta glaise, don bhonneagar uirbeach agus don soláthar uisce.

3.2.4. **Nascacht:** Seoladh **an Chomhpháirtíocht Nascachta idir an tAontas agus an India** ([7]) le linn an Chruinnithe idir Ceannairí na hIndia agus an Aontais a tionóladh i **mí na Bealtaine 2021**. Díríodh sa chruinniú sin ar iompar, ar líonraí digiteacha fuinnimh, agus ar shreabhadh daoine, earraí, seirbhísí, sonraí agus caipitil. Ar imeall Chruinniú Mullaigh Cheannairí G20 i nDeilí Nua i mí Mheán Fómhair 2023, rinne ceannairí na hIndia, an Aontais Eorpaigh, na Fraince, na Gearmáine, na hIodáile, na hAraibe Sádaí, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus na Stát Aontaithe meabhrán tuisceana a fhógairt inar tugadh gealltanas obair a dhéanamh le chéile chun **Conair Eacnamaíoch nua idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip** a fhorbairt, rud a dhéanfadh, i ndáiríre, comhpháirtithe ón Meánoirthear agus ón Áise Theas a chomhtháthú i socrú coiteann ailtireachta geo-eacnamaíche. Tá dhá chonair sa tionscadal, ceann amháin lena nasctar an Eoraip leis an Murascaill agus an ceann eile lena nasctar an Mhurascaill leis an India, ar conairí iad ina n-áireofar naisc iarnróid, cáblaí leictreacha agus sonraí, agus píblínte chun hidrigin a onnmhairiú. Déanfaidh siad nasc freisin le hIosrael agus leis an Iordáin, cé nár shínigh na tíortha sin an comhaontú maidir le Conair Eacnamaíoch idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip.

3.2.5. Tá an **Comhar idir an tAontas agus an India maidir leis an Athrú Aeráide** ag forbairt laistigh de chomhthéacs níos leithne na gcomhghealltanas i gcomhaontuithe idirnáisiúnta amhail Comhaontú Pháras 2015. Toisc gurb í an India an **tríú hastaíre CO_2 is mó ar domhan**, tá aistriú fuinnimh ghlais na hIndia ríthábhachtach don domhan i gcoitinne. Tá fás ollmhór tagtha ar uaillmhianta fuinnimh in-athnuaite na hIndia agus tá béim láidir leagtha ar tháirgeadh an fhuinnimh ghlais ó bhuiséad náisiúnta 2023 i leith. Mar sin féin, is é an gual príomhfhoinse fuinnimh na tíre go fóill. Is í an India a bheidh freagrach as 25 % den mhéadú ar fud an domhain ar an éileamh fuinnimh sna blianta atá amach romhainn. Is í an India an **tríú hallmhaireoir fuinnimh is mó** ar domhan cheana féin, tar éis na Síne agus na Stát Aontaithe.

([6]) https://www.eeas.europa.eu/eeas/eu-india-strategic-partnership-roadmap-2025_en.
([7]) https://www.consilium.europa.eu/media/49522/eu-india_connectivity-factsheet_2021-05-final.pdf.

3.2.6. In 2016, bhunaigh an tAontas agus an India an Chomhpháirtíocht Fuinnimh Ghlain agus Aeráide idir an tAontas agus an India ([8]), rud a chuireann chun cinn an rochtain ar theicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus ar theicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don aeráid, mar aon le scaipeadh na dteicneolaíochtaí sin, agus taighde a spreagadh i dtaca le réitigh nuálacha mar aon lena bhforbairt. I measc na réimsí comhair atá ann faoi láthair, tá gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, grianfhuinneamh dín agus páirceanna gréine, comhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus stóráil, greillí cliste, bithbhreoslaí agus éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh.

3.3. *Comhaontú Saorthrádála*

An 17 Meitheamh 2022, chuir an tAontas Eorpach tús le caibidlíocht an athuair leis an India ([9]) maidir le Comhaontú Saorthrádála, chomh maith le caibidlíocht ar leithligh maidir le Comhaontú Cosanta Infheistíochta agus Comhaontú maidir le Tásca Geografacha.

3.3.1. Is é is aidhm don **chaibidlíocht maidir leis an gcosaint infheistíochta** timpeallacht infheistíochta atá slán agus intuartha a chur ar fáil d'infheisteoirí ón dá thaobh, trí bhíthin gealltanais i leith an méid a leanas:

— neamh-idirdhealú;

— cosaint ar dhíshealbhú gan chúiteamh agus ar chóir éagórach ar infheisteoirí agus a n-infheistíochtaí, agus an ceart chun rialála a chaomhnú an tráth céanna; agus

— aistriú na dtuairisceán.

3.3.2. Bhí an deichiú babhta den chaibidlíocht maidir le Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus an India ar siúl **sa Bhruiséil an 10-14 Márta 2025**, agus rinneadh plé ann ar an trádáil, ar an infheistíocht agus ar na tásca geografacha.

4. **Anois agus sa todhchaí**

4.1. *Cúrsaí mar atá*

4.1.1. Reáchtáil an tAontas Eorpach agus an India an **5ú Cruinniú Athbhreithniúcháin den Chomhpháirtíocht Straitéiseach** sa Bhruiséil **an 22 Samhain 2024**. I gceannas ar thaobh an Aontais bhí Simon Mordue, Leas-Ardrúnaí do Shaincheisteanna Eacnamaíocha agus Domhanda, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), agus i gceannas ar thaobh na hIndia bhí Tanmaya Lal, Rúnaí (Thiar), an Aireacht Gnóthaí Seachtracha.

4.1.2. An 21 Samhain 2024, tionóladh an 10ú Comhairliúchán maidir le Beartas Eachtrach agus le Slándáil idir an tAontas agus an India agus an 10ú Painéal Fuinnimh idir an tAontas agus an India freisin.

4.1.3. Rinneadh measúnú sna cruinnithe ar speictream iomlán an chomhair dhéthaobhaigh idir an India agus an tAontas agus ar chur chun feidhme na ngealltanas mionsonraithe a leagtar amach sa treochlár dar teideal *India-EU Strategic Partnership: A Roadmap to 2025* ([10]) [Comhpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas agus an India: Treochlár go dtí 2025]. Díríodh sna malartuithe sin freisin ar thosaíochtaí a bheidh ann amach anseo maidir le naisc idir an tAontas agus an India agus ar fhuinneamh úr a chur sa chaidreamh, agus cuireadh in iúl gur dhíol sásaimh gealltanas an Uachtaráin von der Leyen a thug sí sna Treoirlínte Polaitiúla do 2024-2029, is é sin clár oibre straitéiseach nua idir an tAontas agus an India a fhorbairt.

4.1.4. Bhí an t-idirphlé dírithe ar raon leathan ábhar, lena n-áirítear an tslándáil eacnamaíoch, an t-aistriú glas, an comhar cosanta agus slándála, **an imirce**, an tsoghluaisteacht, an **Chomhpháirtíocht Nascachta idir an tAontas agus an India**, an straitéis **'Global Gateway'** agus an **Chonair Eacnamaíoch idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip**. Phléigh an dá thaobh freisin cur chun cinn an chomhair i gcúrsaí a bhaineann leis an nuálaíocht, an eolaíocht agus an teicneolaíocht — lena n-áirítear forbairtí dearfacha i gcomhthéacs na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus an India — agus deiseanna chun teagmhálacha duine le duine a mhéadú i réimse an oideachais agus an taighde.

([8]) https://www.cecp-eu.in/.
([9]) https://policy.trade.ec.europa.eu/news/eu-and-india-kick-start-ambitious-trade-agenda-2022-06-17_en.
([10]) https://www.consilium.europa.eu/media/45026/eu-india-roadmap-2025.pdf.

4.1.5. Rinneadh machnamh freisin ar an gcaibidlíocht atá ar siúl i gcónaí maidir leis an **gComhaontú Saorthrádála**, an Comhaontú Cosanta Infheistíochta agus an Comhaontú maidir le Tásca Geografacha, agus d'aontaigh siad ar an tábhacht a bhaineann leo. Chuir siad fáilte roimh chomhar iltaobhach agus chuir siad in iúl go raibh siad buíoch as an idirphlé déthaobhach tráthrialta ar shaincheisteanna eacnamaíocha, lena n-áirítear an t-idirphlé déthaobhach ar **shlabhraí soláthair athléimneacha** i gcomhthéacs na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta. Rinneadh plé ar na hábhair sin uile ag an **dara Cruinniú Aireachta den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta i nDeilí Nua** a reáchtáladh **an 28 Feabhra 2025**.

4.1.6. Ba dhíol sásaimh don Aontas agus don India a gcomhpháirtíocht i dtaca le cúrsaí domhanda, comhar feabhsaithe sa chóras iltaobhach (lena n-áirítear G20) agus saincheisteanna daonnúla, lena n-áirítear an bainistiú riosca tubaistí i dtríú tíortha. Rinne an dá pháirtí an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach de gach cineál agus de gach foirm a cháineadh go soiléir, ionsaithe trasteorann san áireamh.

4.1.7. Chuir an dá pháirtí béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gComhpháirtíocht Straitéiseach idir an India agus an tAontas chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, go háirithe i bhfianaise na bhforbairtí geopholaitiúla a tharla le déanaí. D'athdhearbhaigh siad an tiomantas atá acu araon maidir le réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach atá saor, oscailte, cuimsitheach, síochánta agus rathúil a chur chun cinn, agus ba dhíol sásaimh don India rannpháirtíocht mhéadaitheach an Aontais Eorpaigh sa réigiún.

4.1.8. Tá an India agus an tAontas tiomanta do thrádáil idirnáisiúnta atá cothrom, cuimsitheach agus bunaithe ar rialacha. An tráth céanna, áfach, tá díospóid ag an Aontas agus ag an India i gcónaí san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) maidir le taraifí na hIndia ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide áirithe de chuid na hEorpa (TFCanna). Rialaigh painéal EDT in 2023 go raibh na taraifí sin ina sárú ar rialacha EDT ([11]). Rinne an India achomharc in aghaidh an rialaithe sin i mí na Nollag 2023, cé go bhfuil bac curtha ar an mBuanchomhlacht Achomhairc le roinnt blianta anuas. An **28 Samhain 2024**, chuir an Coimisiún Eorpach tús le comhairliúchán leis an India (laistigh de EDT) maidir leis an tsaincheist seo, d'fhonn an díospóid a réiteach. Cé gur tháinig deireadh le céim an chomhairliúcháin in EDT an 10 Feabhra 2025, ní léir fós an gcuirfidh nó nach gcuirfidh an tAontas frithbhearta trádála i bhfeidhm in aghaidh na hIndia trí Rialachán (AE) 2021/821 maidir le Comhlíontacht Trádála ([12]) a chur chun feidhme.

4.1.9. **Reáchtáladh an 11ú cruinniú den Idirphlé maidir le Cearta an Duine idir an India agus an tAontas i nDeilí Nua an 8 Eanáir 2025**, cruinniú inar athdhearbhaíodh prionsabail chomhroinnte an dá pháirtí, is iad sin prionsabail an daonlathais, na saoirse agus an smachta reachta. Pléadh raon cuimsitheach ábhar, lena n-áirítear cearta sibhialta agus polaitiúla, cearta sóisialta agus eacnamaíocha, agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, ar líne agus as líne. I measc na réimsí ar leith ar ar díríodh bhí an comhionannas inscne, cearta LADTIA+, cearta leanaí, cumhachtú na mban, deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe, agus an tsaoirse reiligiúin agus creidimh, an tsaoirse comhthionóil agus comhlachais a áirithiú. D'aontaigh an dá pháirtí maidir leis an tábhacht a bhaineann le neamhspleáchas agus éagsúlacht eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chosaint, agus iriseoirí agus páirtithe leasmhara eile a chosaint. Chumhdaigh siad údair imní chomhaimseartha freisin, mar shampla an teicneolaíocht agus cearta an duine, cearta na n-imirceach, agus ról na ngnólachtaí maidir le cearta an duine a chaomhnú, agus slabhraí luacha agus na hoibleagáidí breise i ndáil le dícheall cuí faoin Treoir maidir le Dícheall Cuí i dtaca le hInbhuanaitheacht Chorparáideach.

4.2. *Ról a thabhairt don tsochaí shibhialta san obair atá ar siúl maidir leis an India*

4.2.1. Rinneadh an cinneadh chun Cruinniú Comhchéime AE-an India a shocrú ag an gCruinniú Aireachta idir an tAontas agus an India i Heilsincí i mí na Nollag 1999 agus, ina dhiaidh sin, formhuiníodh é ag an gcéad chruinniú mullaigh idir an tAontas agus an India i Liospóin i mí an Mheithimh 2000.

4.2.2. Bhí 30 ionadaí ón tsochaí shibhialta san India agus san Eoraip (15 dhuine an taobh) sa chruinniú comhchéime. Bunaíodh é mar bhuanfhóram le haghaidh plé agus idirphlé ar leibhéal na sochaí sibhialta maidir le gach ábhar a bhaineann leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an India, agus cur chuige i bhfeidhm atá níos leithne agus níos neamhfhoirmiúla ná mar is féidir a dhéanamh ar an leibhéal oifigiúil. Tionóladh 12 chruinniú comhchéime go dtí seo, an ceann is déanaí in 2008, agus rinneadh moltaí as conclúidí na gcruinnithe, rud a chuireann leis na cruinnithe mullaigh idir an tAontas agus an India. Mar sin féin, ní raibh an t-idirphlé chomh héifeachtach céanna le blianta beaga anuas mar gheall ar chúlraí éagsúla na rannpháirtithe agus na n-institiúidí a ndéanann siad ionadaíocht orthu, agus tháinig deireadh leis na Cruinnithe Comhchéime.

([11]) https://www.wto.org/english/tratop_e/dispu_e/cases_e/ds582_e.htm.
([12]) https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/821/oj.

4.2.3. Tar éis an chruinnithe a tionóladh an 15 Deireadh Fómhair 2024 lena Shoilse Saurabh Kumar, Ambasadóir na hIndia go dtí an Bheilg agus Lucsamburg, fuair cathaoirleach Rannóg REX agus rapóirtéir na tuairime seo freagra dearfach ar an smaoineamh maidir le spéis a spreagadh i measc shochaí shibhialta na hIndia chun go bhféadfaí tús a chur arís, b'fhéidir, leis an gCruinniú Comhchéime idir an tAontas agus an India. Leis an gcomhpháirtíocht nua idir an tAontas agus an India, ní mór rannchuidiú le daingniú agus cur chun feidhme chroíchoinbhinsiúin EIS agus leis an obair neamhfhoirmiúil i margadh an tsaothair a laghdú de réir a chéile. I gcás ar bith, ní mór don tsochaí shibhialta eagraithe san India agus san Aontas a bheith rannpháirteach ó thaobh struchtúir de sa chaibidlíocht maidir le comhaontú saorthrádála. I ndeireadh na dála, ní mór caibidil uaillmhianach um an Trádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a bheith mar chuid den chomhaontú saorthrádála, ar caibidil í sin a dhíreofaí ar chearta saothair agus cosaintí aeráide agus comhshaoil agus ról struchtúrach faireacháin agus comhairleach a bheith ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, ar an dá thaobh.

An Bhruiséil, an 26 Márta 2025.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE